

Faisnéisarna soláthar de réir Airteagal 14 RGCS

Réamhrá

Dearbhaíonn ENGEL AUSTRIA GmbH an gealltanais neamhchlaonta atá aige do na prionsabail um chosaint sonraí san Aontas Eorpach, agus dá bhrí sin comhlíontar na bhforálacha rialála ábhartha den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Ní dhéanfar sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a tharchur ach amháin má tá bunús dlí iomchuí ann (Airteagal 6 RGCS). Agus é sin á dhéanamh, tugtar aird dhian ar chomhlíonadh na bprionsabal próiseála sonraí (Airteagal 5 RGCS).

Is é an fhaisnéis seo a leanas atá mar bhonn le feidhmiú éifeachtach na gceart a dheonaítear leis an RGCS.

1. Céannacht an rialaitheora

Tá an cuspóir agus na modhanna próiseála sonraí ag lánrogha iomlán ENGEL AUSTRIA GmbH. Mar rialaitheoir, de réir théarmaí an RGCS, tá ENGEL AUSTRIA GmbH ar fáil faoi na sonraí teagmhála seo a leanas:

ENGEL AUSTRIA GmbH
Ludwig-Engel-Straße 1
A-4311 Schwertberg
An Ostair

Teil.: +43 50 620-0

Facs: +43 50 620-3009

E-Mail: dataprotection@engelglobal.com

Is féidir eolas a aimsiú maidir le shuíomhanna ENGEL ar fud an domhain (an Grúpa ENGEL) ag www.engelglobal.com/dataprotection.

2. Cuspóirí próiseála agus bunús dlí

Déanann ENGEL AUSTRIA GmbH sonraí pearsanta a phróiseáil chun orduithe a fhorghníomhú agus conarthaí a chomhlíonadh chomh maith le ceanglais choinneála dlíthiúla a fheidhmiú. Ina theannta sin, déantar céimeanna próiseála chun nósanna imeachta clárúcháin agus fóirdheimhnithe a chumasú.

Déantar sonraí pearsanta a fháil, a phróiseáil agus, más gá, a tharchur ag ENGEL AUSTRIA GmbH ar bhonn toiliú an ábhair sonraí. Is ionann príomhchuspóir fheidhmíocht an chonartha agus bunús dlí forlíontach. Dá bhrí sin, tá leas dlisteanach ann maidir le tarchur sonraí laistigh den Ghrúpa ENGEL.

3. Faighteoirí laistigh den Aontas Eorpach

Sa mhéid is gá chun críocha próiseála, aistrítear sonraí pearsanta chuig cuideachtaí agus ionadaithe Ghrúpa ENGEL laistigh den Aontas Eorpach.

4. Aistriú chuig tríú tíortha

Tá aon aistriú sonraí pearsanta chuig tíortha taobh amuigh den Aontas Eorpach (tríú tíortha) teoranta d'fheidhmíocht an chonartha agus forghníomhú a ordaithe agus díritear é ar chuideachtaí agus ionadaithe an ghrúpa ENGEL amháin.

Tá aistriú sonraí chuig cuideachtaí agus ionadaithe Ghrúpa ENGEL lasmuigh den Aontas Eorpach faoi réir cinnte leordhóthanachta ón gCoimisiún Eorpach nó maidir le coimircí cosanta sonraí iomchuí de réir Airteagal 46 RGCS.

D'ainneoin an ardleibhéil cosanta sonraí laistigh den Ghrúpa ENGEL agus an tiomantas soiléir do phrionsabail an RGCS, tá aistriú sonraí chuig tríú tíortha gan eisceacht faoi réir thoiliú an ábhair sonraí.

5. Catagóirí na sonraí pearsanta lena mbaineann

Baineann na sonraí pearsanta a fuarthas agus a ndearnadh próiseáil orthu le

- sonraí ainm
- sonraí seolta
- sonraí teagmhála
- gairm

6. Tréimhse stórála

De réir prionsabail na teorann stórála, cuireann ENGEL AUSTRIA GmbH sonraí pearsanta ar fáil i rith tréimhsí coinneála agus stórála reachtúla. Mar gheall ar na forálacha ábhartha i bprionsabal, tá feidhm ag tréimhse stórála de sheacht mbliana ó fheidhmíocht an chonartha faoi seach, nó i gcás deireadh a chur leis an gcaidreamh gnó.

Seachas na tréimhsí coinneála reachtúla, ní stórálfar sonraí pearsanta ar feadh níos faide ná mar is gá chun an cuspóir próiseála faoi seach a chomhlíonadh, nó - go háirithe de bhun Airteagal 17, Alt 3, mír e den RGCS - chun éilimh dlí a dhearbhu, a fheidhmiú nó a chosaint.

7. Cearta an ábhair sonraí

D'fhonn a leasanna a chosaint, tá na hábhair sonraí i dteideal

- an ceart ar rochtain
- an ceart go ndéanfaí ceartúcháin
- an ceart go ndéanfaí léirsciosadh (“an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad”)
- an ceart go gcuirfí srian le próiseáil
- an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne sonraí pearsanta a bhaineann leis/léi féin a phróiseáil
- an ceart chun iniomparthacht sonraí
- an ceart chun sonraí faisnéis a fháil maidir le ceartú /sciosadh na sonraí a mbaineann leis/léi más féidir, agus
- an ceart ar athbhreithniú aonair ar chinntí uathobrithe go hiomlán

8. Ceart chun toiliú a tharraingt siar

Tá sé de cheart ag na hábhair sonraí toiliú a tharraingt siar ag am ar bith, gan dochar a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála bunaithe ar an dtoiliú sula dtarraingítear siar é.

9. An ceart gearán a thaisceadh le húdarás maoirseachta

Má mheasann ábhar sonraí go bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi ag sárú forálacha an RGCS, tá an ceart aige/aici gearán a thaisceadh leis an Coimisinéir Cosanta Sonraí, Bóthar an Stáisiúin, Teach an Chanáil, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise, Éire, agus le haon údarás maoirseachta náisiúnta eile i mBallstát an Aontais Eorpaigh.

10. Foinse na sonraí próiseáilte

Sa mhéid nach n-eascraíonn na sonraí pearsanta a phróiseáiltear ó fhoinsí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, mar shampla cláir phoiblí, faigheann ENGEL AUSTRIA GmbH sonraí go heisiach ó na heintitis dhlíthiúla sin a fheidhmíonn na hábhair sonraí mar ionadaithe ina leith.